C/2026/5252

9.10.2026

Fógra tionscnaimh maidir le cur chun feidhme bhreithiúnas an 3 Meán Fómhair 2026 i gcás C-319/24 P i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

(C/2026/5252)

1. **Breithiúnas**

Sa bhreithiúnas uaithi an 21 Feabhra 2024, i gcás T-762/20, *Sinopec Chongqing SVW agus páirtithe eile v an Coimisiún* ([1]) chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ([2]) ('an Rialachán atá i gceist') a mhéid a bhain sé le rátaí dleachta frithdhumpála ar allmhairí isteach san Aontas Eorpach d'alcóil polaivinile arna monarú agus arna ndíol ag Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd, Sinopec Great Wall Energy & Chemical Ningxia Co. Ltd agus Central-China Company, Sinopec Chemical Commercial Holding Co. (Grúpa Sinopec). Leis an Rialachán atá i gceist, rinneadh coigeartuithe anuas ar an bpraghas onnmhairiúcháin chun comparáid chothrom a áirithiú idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin PVA arna tháirgeadh ag Grúpa Sinopec faoi Airteagal 2(10)(e), (g), (i) agus (k) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([3]) (an 'bun-Rialachán frithdhumpála'). Thairis sin, leis an Rialachán atá i gceist, laghdaíodh praghas onnmhairiúcháin na ndíolachán PVA san Aontas Eorpach a tháirgeann Sinopec Chongqing agus Sinopec Ningxia a dhéantar trí Sinopec Central-China. Ar deireadh, measadh sa Rialachán atá i gceist nach roinn díolacháin inmheánach de chuid Grúpa Sinopec é Sinopec Central-China ach gur trádálaí é atá ag gníomhú ar bhonn coimisiúin.

A mhéid a bhaineann leis na coigeartuithe anuas faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán frithdhumpála, chinn an Chúirt Ghinearálta nár thug an Coimisiún corpas fianaise comhsheasmhaí ar aird a léireodh gur feidhmeanna iad feidhmeanna Sinopec Central-China atá cosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag gníomhú ar bhonn coimisiúin nó a chuirfeadh bac ar a stádas mar roinn inmheánach díolacháin a aithint. Tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach mheasúnaithe nuair a chuir sé coigeartú anuas i bhfeidhm ar an bpraghas onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán frithdhumpála de bhonn an chinnidh go raibh Sinopec Central-China ag déanamh feidhmeanna atá comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag gníomhú ar bhonn coimisiúin. Tá achomharc déanta ag an gCoimisiún ar bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta.

An 3 Meán Fómhair 2026, i gcás C-319/24 P *An Coimisiún v Sinopec Chongqing SVW Chemical agus páirtithe eile*, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('CBAE' nó 'an Chúirt') ar an achomharc a thaisc an Coimisiún Eorpach i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta. Chuir CBAE breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais ar ceal a mhéid a bhain sí leis na coigeartuithe anuas ar an bpraghas onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(10)(e), (g) agus (k) den bhun-Rialachán frithdhumpála. Mar sin féin, dheimhnigh an Chúirt torthaí na Cúirte Ginearálta a mhéid a bhain sí leis na coigeartuithe anuas ar an bpraghas onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(10) (i) den bhun-Rialachán frithdhumpála. Mar thoradh air sin, cuireadh an Rialachán atá i gceist ar neamhní go páirteach maidir le ríomh an ráta dleachta frithdhumpála a dhéanann difear d'allmhairí PVA áirithe isteach san Aontas Eorpach arna monarú agus arna ndíol ag Grúpa Sinopec.

2. **Iarmhairtí**

Le hAirteagal 266 CFAE, foráiltear nach mór do na hInstitiúidí na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnais na gCúirteanna a chomhlíonadh.

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 21 Feabhra 2024, *Sinopec Chongqing SVW Chemical agus páirtithe eile v an Coimisiún*, T-762/20, ECLI:EU:T:2024:113.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaonphoblacht na Síne (IO L 315, 29.9.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1336/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (códú) (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj).

De réir an chásdlí bhunaithe, i gcásanna ina bhfuil roinnt céimeanna riaracháin sna himeachtaí, mar is amhlaidh i gcás na n-imeachtaí frithdhumpála, ní chuirtear an t-imeacht iomlán ar neamhní le neamhniú ceann de na céimeanna sin ([4]). Ina ionad sin, agus na bearta is gá á ndéanamh chun breithiúnas lena gcuirtear gníomh ar neamhní a chomhlíonadh agus chun é a chur chun feidhme, féadfar an nós imeachta maidir le gníomh a chur in ionad gníomh neamhnithe a atosú ag an bpointe ag ar tharla an neamhdhleathacht ([5]).

Dá réir sin, agus breithiúnais na Cúirte Ginearálta agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('na Cúirteanna') á gcomhlíonadh aige, tá an deis ag an gCoimisiún Eorpach ('an Coimisiún') gnéithe na n-imeachtaí as ar eascair an neamhniú a leigheas, agus na codanna sin nach ndéanann an neamhniú sin difear dóibh a fhágáil gan athrú ([6]).

Cuireadh an Rialachán atá i gceist ar neamhní go páirteach toisc nár bhunaigh an Coimisiún, a raibh an dualgas cruthúnais air i ndáil leis an gcoigeartú a rinneadh faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán frithdhumpála, an corpas fianaise comhsheasmhaí de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá a léireodh go raibh cúraimí á ndéanamh ag Sinopec Central-China atá cosúil le cúraimí gníomhaire atá ag gníomhú ar bhonn coimisiúin. Dá bhrí sin, ba cheart ráta na dleachta frithdhumpála a athríomh do Ghrúpa Sinopec gan coigeartú anuas ar a bpraghas onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 2(10) (i) den bhun-Rialachán frithdhumpála.

Os a choinne sin, ar bhonn an chásdlí thuasluaite, torthaí sa Rialachán i gceist, nár cuireadh ina gcoinne, nó gur cuireadh ina gcoinne ach gur dhiúltaigh breithiúnais na gCúirteanna dóibh nó nach ndearna na Cúirteanna scrúdú orthu, agus dá bhrí sin nár eascair neamhniú an Rialacháin i gceist as, beidh na torthaí sin fós bailí.

3. **An nós imeachta athoscailte**

I bhfianaise a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais a athoscailt maidir le hallmhairí PVA áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a raibh glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann sé le Sinopec Chongqing, Sinopec Ningxia agus Sinopec Central-China. Le hathoscailt an imscrúdaithe bunaidh, cuireadh tús arís leo ag an gcéim inar tharla an neamhrialtacht a shainaithin an Chúirt Bhreithiúnais.

Ba é an cuspóir a bhí leis an imscrúdú bunaidh a athoscailt aghaidh a thabhairt go hiomlán ar an mírialtacht a shainaithin an Chúirt, agus a mheas, de bharr chur i bhfeidhm ceart na rialacha, an bhféadfadh údar cuí a thabhairt leis na bearta a ath-fhorchur ar an leibhéal athbhreithnithe ón dáta ar tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún i bhfeidhm ar dtús.

Cuirtear na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoin athoscailt seo trí fhoilsiú an fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* atá i gceist.

4. **Aighneachtaí i scríbhinn**

Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile, agus go háirithe ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin lena mbaineann agus thionscal an Aontais, a dtuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le saincheisteanna a bhaineann le hathoscailt an imscrúdaithe. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis sin agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. **An deis éisteacht a fháil le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin**

Féadfaidh na táirgeoirí onnmhairiúcháin lena mbaineann agus tionscal an Aontais éisteacht le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin a iarraidh. Aon iarraidh ar éisteacht, ba cheart í a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart na cúiseanna leis an iarraidh a shonrú inti. Maidir le héisteachtaí a bhaineann le hathoscailt an imscrúdaithe, ní mór an iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta fhoilsiú an fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá éis sin, ní mór iarraidh ar éisteacht a chur isteach laistigh de na sprioc-amanna sonracha a leagann an Coimisiún síos ina theagmháil le páirtithe leasmhara.

([4]) Breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 1998, *Industrie des poudres sphériques (IPS) v an Chomhairle*, Cás T-2/95, ECLI:EU:T:1998:242.

([5]) Breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 3 Deireadh Fómhair 2000, *Industrie des poudres sphériques v an Chomhairle*, C-458/98 P, ECLI:EU:C:2000:531, míreanna 80 go 85, chomh maith leis an 28 Eanáir 2016, *CM Eurologistik*, C-283/14 agus C-284/14, ECLI:EU:C:2016:57, míreanna 48 go 55.

([6]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Meitheamh 2016, *an Coimisiún v McBride*, Cás C-361/14 P, ECLI:EU:C:2016:434, mír 56; féach chomh maith, i réimse na dumpála, breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 3 Deireadh Fómhair 2000, *Industrie des poudres sphériques v an Chomhairle*, C-458/98 P, ECLI:EU:C:2000:531, mír 84.

6. **Treoracha maidir le haighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh agus comhfhreagras a sheoladh**

Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipcheart. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí, atá faoi réir cóipchirt tríú páirtí, faoi bhráid an Choimisiúin, cead sonrach a iarraidh ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadófar go sainráite (a) don Choimisiún an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an nós imeachta cosanta trádála seo; agus (b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a sholáthar do pháirtithe leasmhara san imscrúdú seo i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gcearta cosanta a fheidhmiú.

Gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar san fhógra seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras arna gcur ar fáil ag páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí leo, cuirfear an lipéad 'Íogair' orthu ([7]). Páirtithe a chuireann faisnéis isteach le linn an imscrúdaithe seo, iarrtar orthu údar a thabhairt lena n-iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi.

Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis 'Íogair' achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán, achoimrí ar a gcuirfear an lipéad 'Le haghaidh iniúchadh ag na páirtithe leasmhara'. Ba cheart do na hachoimrí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach i modh rúin a thuiscint go réasúnta. Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thabhairt lena iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus den cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Iarrtar ar na páirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (https://webgate.ec.europa.eu/tron/TDI) lena n-áirítear cóipeanna scanta de chumhachtaí aturnae agus de dheimhnithe. Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad 'COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA', doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch: https://europa.eu/!7tHpY3.

Ní mór do pháirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuireann siad ar fáil, agus gur seoladh é a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, mura n-iarrfaidh siad go sainráite na doiciméid uile ón gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide, nó mura gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh.

Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise a fháil maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha dá dtagraítear thuas maidir le cumarsáid le páirtithe leasmhara.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

European Commission
Directorate-General for Trade and Economic Security
Directorate G
Oifig: CHAR 04/039
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

TRON.tdi: https://webgate.ec.europa.eu/tron/tdi

R-phost: TRADE-AD654a-PVA-REOPENING@ec.europa.eu

Suíomh gréasáin: https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2914

7. **Neamh-chomhoibriú**

I gcás ina ndiúltóidh aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí, bídís deimhneach nó diúltach, a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

([7]) Is doiciméad 'Íogair' doiciméad a mheastar é a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (An Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

I gcás ina ndéanfar amach gur sholáthair páirtí leasmhar faisnéis a bhí bréagach nó míthreorach, féadfar neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin agus úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.

Mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, má tá na torthaí bunaithe ar fhíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, féadfaidh an toradh gan a bheith chomh fabhrach don pháirtí sin agus a bheadh sé dá mbeadh sé tar éis comhoibriú.

Mura dtugtar freagairt leictreonach, ní mheasfar go bhfuil neamh-chomhoibriú i gceist ar choinníoll go léireoidh an páirtí leasmhar lena mbaineann go mbeadh ualach breise míréasúnta nó costas breise míréasúnta ag baint leis an bhfreagra a chur isteach de réir mar a iarradh. Ba cheart don pháirtí leasmhar teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach.

8. **Oifigeach Éisteachta**

Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála a iarraidh. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh leis na teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara agus tríú páirtithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na n-imeachtaí.

Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí nó na páirtithe leasmhara agus seirbhísí de chuid an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú ina n-iomláine. Ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.

Iarrtar ar na páirtithe leasmhara cloí leis an tráthchlár a leagtar amach san Fhógra seo freisin a mhéid a bhaineann le hidirghabhálacha, lena n-áirítear éisteachtaí, a dhéanann an tOifigeach Éisteachta. Ní mór aon iarraidh a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do pháirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna le hiarrataí ar idirghabhálacha, ar chineál na saincheisteanna a ardaíodh agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta na cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna an dea-riaracháin agus don imscrúdú a thabhairt chun críche go tráthúil.

Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch:

https://policy.trade.ec.europa.eu/contacts/hearing-officer_en.

9. **Próiseáil sonraí pearsanta**

Aon fhaisnéis phearsanta a bhailítear le linn an imscrúdaithe seo, caithfear léi i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

Tá fógra cosanta sonraí le fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch, fógra a chuireann gach duine ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: https://europa.eu/!vr4g9W

Faisnéis d'údaráis chustaim

Ó dháta foilsithe an fhógra tionscnaimh seo ar aghaidh agus go dtí go bhfaighfear toradh an athscrúdaithe sin, níl aon dleacht frithdhumpála chinntitheach infheidhme maidir le hallmhairiú alcól polaivinile áirithe a thagann faoi láthair faoi chód AC ex 3905 30 00 (cód TARIC 3905 30 00 91) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna monarú ag Grúpa Sinopec (Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd, Sinopec Great Wall Energy & Chemical Ningxia Co. Ltd). Déanfar méid na dleachta a chinneadh an athuair tar éis an athscrúdaithe.

Ós rud é go bhfuil méid an dliteanais chríochnaithigh mar thoradh ar an athscrúdú neamhchinnte ag an tráth seo, iarrann an Coimisiún ar na húdaráis náisiúnta chustaim fanacht le toradh an imscrúdaithe sula ndéanfaí cinneadh maidir le haon éileamh ar aisíocaíocht a bhaineann le dleachtanna frithchúitimh a chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar neamhní i ndáil leis na cuideachtaí sin.

([8]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

I gcomhthráth leis an bhFógra seo, ghlac an Coimisiún Rialachán lena lena ndéantar allmhairí alcól polaivinile áirithe a thagann faoi láthair faoi chód AC ex 3905 30 00 (cód TARIC 3905 30 00 91) arna monarú ag Grúpa Sinopec (Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd, Sinopec Great Wall Energy & Chemical Ningxia Co. Ltd) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chur faoi réir a gcláraithe de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán frithdhumpála.

Nochtadh

Na páirtithe leasmhara a cláraíodh le linn an imscrúdaithe as a dtiocfaidh glacadh an Rialacháin atá i gceist, cuirfear ar an eolas iad ina dhiaidh sin faoi na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn atá sé beartaithe an breithiúnas a chur chun feidhme agus tabharfar deis dóibh a dtuairimí a thabhairt.